

Ainm an Tionscadail	Tionscadal Béaloideas Ghaeltacht Thír Chonaill
Buntaifeadadh	T21
Ainm an Agalláí	Donnchadh Chassie Ó Baoighill
Ainm an Agallóra	Dónall Dinny Ó Gallchóir
Dáta an Agallaimh	19/1/2006
Suíomh an Agallaimh	Rann na Feirste
Ainm an Tras-scríbhneora	Ciarán Mac Fheilimdhe

(gáire)

(sos)

(--)

Tús bréige

' _____ '

Focal dothuigthe

' _____ +'

Níos mó ná focal amháin dothuigthe

....

Beirt ag caint ag an am amháin

[]

Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir

DÓNALL: Bhuel anois inniu tá mé i Rann an Feirste ag Donnchadh Chassie agus tá mé ag dul a thógáil traidhfil seanscéalta seanachais uaidh agus ar tús ba mhaith liom toiseacht leis fá ar an téip deireanach bhí sé ag caint fá *doss house* agus na *gypsies* a casadh air *so* ba mhaith liom toiseacht leis an scéal sin agus ansin rachaidh muid ar aghaidh go dtí an iascaireacht a rinne Donnchadh nuair a tháinig sé na bhaile agus tá scéalta go leor aige ag obair fá na céanna agus achan rud mar sin.

Bhuel tá muid réidh anois a Dhonnchaidh. Inis domh fá scéal, nuair a casadh na *gypsies* ort agus luigh siar ansin a Dhonnchaidh, nuair a casadh *na gypsies* ort, agus tú, d'fhág tú feirm amháin agus bhí tú ag cuartú oibre agus d'imigh tú leat ag siúil i mbéal do chinn, gabh ar aghaidh as sin a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel d'imigh mé liom i mbéal mo chinn agus casadh na *gypsies* seo orm. Bhí siad ag déanamh greim bí ar thaobh an bhealaigh mhóir agus rann siad an bia liom agus bhí comhrá agam leofa agus ní raibh deifre ormsa nó ní raibh obair ar bith agam agus ní raibh mé ag dul áit ar bith agus bhí siadsan ag glacadh an tsaoil ar a suaimhneas, ach sa deireadh i dtrátha na hoíche chuaigh muid a' chuartú lóistín. Casadh cúpla cruach choirce agus féir orainn ar thaobh a' bhealaigh, le comhrá a dhéanamh dúirt mise le fear acu "ó ní bheadh moill ar fhear an oíche a chaitheamh istigh i gceann de na cruacha coirce sin". "Ó" a deir sé " ná gabh choíche isteach i gcruach choirce, ní bheifeá ansin i bhfad go cuireadh na luchógaí amach thú". "Má tá tú ag dul a chuartú dídeain" a deir sé "gabh isteach i gcruach an fhéir, tá sé níos sábháilte", ach a dúirt sé "ní bheidh fiachadh ort, tá a

fhios againne cá bhfuil lóistín". Shiúil muid linn tamall agus tháinig muid go dtí teach mór suarach, ag amharc taobh amuigh air, agus leoga bhí sé go suarach taobh istigh fosta nuair a chuaigh muid isteach. Bhí leapacha anuas ar dhá cheann an tígh, leapacha singilte, ach bhí siad uilig tógtha suas agus ní raibh dóigh ar bith codlata fágtha ach rópa a bhí ina rith ag binn a' tígh ó cheann go ceann díthe agus dúirt na *gypos* liomsa go gcaithfeas muid luí ar an rópa. Bhuel ní bhfaca mise a leithéid ariamh de leaba agus ní bhfaca ó shin agus níor chuala mé a' nduine luí ar cheann acu ach b'éigean domh luí ar an rópa an oíche sin ach má luigh féin, níor chodhlaigh mé mórán, ach sin, chuir sin deireadh leis an rópa. Maidin lá ar na mhárach nuair a d'imigh muid, rinne mise cinnte go raibh leaba agam fá choinne an darna hoíche.

DÓNALL: Ní iontas ar bith. Ach a Dhonnchaidh, bhí an rópa go díreach bheadh sé cúpla orlach *thick* an mbeadh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé cúpla orlach *thick*.

DÓNALL: Agus é ag dul thart cois a' bhalla.

DONNCHADH CHASSIE: É aníos agus síos, bhí binn mhór fhada ar an bhalla agus bhí sé amach giota sa dóigh is go bhfaighfeá do chuid sciathán síos idir an rópa agus an balla, agus bhí an rópa, ní raibh sé caol. Bhí sé sócúlach go leor, cineál dó rópa féir a bhíodh ann, *grass ropes* a bheireann siad ar na rópaí troma sin uilig. Ní raibh sé nimhneach ar do cholainn.

DÓNALL: Agus ar chodlaigh a' nduine de na fir a bhí ar an rópa?

DONNCHADH CHASSIE: Ó deirfinn, bhí cuid acu iontach suaimhneach agus ag srannfaí bhí ó bhí. Is dóiche go raibh cuid acu cleachtaithe leis.

DÓNALL: Má bhí tú tuirseach go leor, creidim go gcodlófa ar scor ar bith.

DONNCHADH CHASSIE: Ó chodlófa ar scor ar bith dá mbeifeá tuirseach go leor agus rud beag eile dó, creidim dá ndéanfá cleachtadh dó, dá bhfaighfeá cúpla oíche air, nach sílfeá a dhath dó ach oiread leis an *dearest mattress* (gáire)

DÓNALL: (gáire) *So macasamhail model d'áit a bhí ann a Dhonnchaidh.*

DONNCHADH CHASSIE: Ó *model* a bhí ann cinnte, an chuid, an chuid a ba neamhshuimiúla daofa. Rinne sin ach go raibh, mar a deir siad féin an *hot plate*, pláta te ann, go mbeifeá ábalta bolgam tae a dhéanamh duit féin, b'fhéidir dá mbeadh pán leat, giota muiceola a rósadh.

DÓNALL: An raibh sé ar áit chomh garbh is a chonaic tú a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé ar áit chomh garbh is a chur mé mo chos isteach ann ariamh.

DÓNALL: Déarfainn sin.

DONNCHADH CHASSIE: Le teach lóistín a thabhairt air.

DÓNALL: Mmm, agus ar dhíol sibh cúpla scilling fá choinne dídean na hoíche a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ó dhíol, ó caithfidh tú díol, ó níl mé ag déanamh go raibh an t-airgead mór.

DÓNALL: Á, ní dhéarfainn é.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh,

DÓNALL: *No.*

DONNCHADH CHASSIE: Níl mé ag déanamh nach raibh na leapacha mórán le scilling ná

DÓNALL: Déarfainn sin.

DONNCHADH CHASSIE: Agus an rópa, tá sin cúpla pingin. Ní raibh siad daor.

DÓNALL: Ach ní fhágfaidh sin do shúil a choíche a Dhonnchaidh!

DONNCHADH CHASSIE: Ó ní fhágfaidh, tá, tá, tá'n pictiúr sin i mo shúilse go fóill.

DÓNALL: Nach cinnte!

DONNCHADH CHASSIE: Agus chím inniu iad chomh maith is a chonaic mé an oíche shuarach sin iad. Bhí siad chomh huaigneach ag amharc, crochta ansin mar a bheadh scadáin ann.

DÓNALL: Mar scadáin, sin an dóigh a raibh siad.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, ó ba é, ba é, agus leoga truidh agam daofa.

DÓNALL: Nach cinnte.

DÓNALL: Bhuel a Dhonnchaidh, rinne muid an téip roimhe agus chlódaigh muid Albain agus nuair a d'fhág tú an t-arm agus sin uilig, *so* ní bhuaifidh muid ár gceann ag dul fríd inniu. Tháinig tusa na bhaile agus tosaigh tú, rinne tú léir cineál oibre. Thosaigh tú ar an iascaireacht a Dhonnchaidh agus inis domh fán scéal nuair a cheannaigh tú an bád agus mar a thosaigh tú arais ag iascaireacht a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel tús mo chuid iascaireachtasa. Lá amháin bhí mé istigh in Árann Mór ag féile a bhí ann agus bhí an *Crown and Anchor* liom, cluiche a bhí ann a mbeifeá ag *gambaláil* airgid air.

DÓNALL: Sórt cárta de rud a bheadh ann nó an raibh dathanna air a Dhonnchaidh ná, caidé'n, caidé'n macasamhail de rud a bhí ann anois? Clár de rud, an é?

DONNCHADH CHASSIE: Clár, bhuel ní an clár féin, chuirfeá ar an chlár é. Giota éadaigh a bhí ann.

DÓNALL: Giota éadaigh a bhí ann.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé tuairim is ar trí troighe le dhá throigh ach bhí sé, bhí sé dhath air agus bhí an spád agus a' *club* agus an t-ancaire agus an chor, choráin

DÓNALL: Sé.

DONNCHADH CHASSIE: Agus a' *diamond* agus an *heart* agus sin sé ciinn a dtiocfadh leat bualadh orthu.

DÓNALL: Sé.

DONNCHADH CHASSIE: Agus dá dtiocfadh an *dice* aníos nuair a *rollófaí* bhainfínn an ceann a raibh tú air, an ceann a thiocfadh aníos.

DÓNALL: Tuigim anois a Dhonnchaidh, ach d'imir túsa an *Crown and Anchor* istigh in Árainn Mór...

DONNCHADH CHASSIE: D'imir mise an *Crown and Anchor* agus bhain mé cúpla céad punta.

DÓNALL: Bé istigh a dtígh *Andy, Andrew Early* a bhí sibh, i dteach beag ar leathtaobh an róid ansin.

DONNCHADH CHASSIE: I dteach beag ar leathtaobh an róid a bhí ann.

DÓNALL: Sé.

DONNCHADH CHASSIE: Teach beag ar leathtaobh a' róid a bhí ann cinnte agus bhí an iascaireacht ag teacht aníos go mór san am agus sin a raibh de chomhrá istigh ann, an iascaireacht, agus chuaigh mé féin agus mo chomrádaí ag caint gur dheas bád a fháil, go mbeadh airgead ann. Agus mhothaigh cuid de na fir a raibh muid ag comhrá leo caidé a dúirt muid agus d'inis fear acu domh go raibh bád le díol thíos sa Chaslaigh agus d'inis sé ainm an fhir domh a raibh sí aige. Bhuel bhí sé domhain agus ag éirí dorcha san am seo bheadh sé 'n naoi a' chlog ach chuaigh mé féin síos chuige ar scor ar bith, níor amharc mé ar an bhád ar chor ar bith agus chuir mé ceist air caide a bhí sé á iarraidh ar a' bhád. Níor thug sé freagair ar bith orm tamail, chuir sé ceist orm cár b'as mé agus cá hainm a bhí orm. Dúirt mé féin gur Baoghailleach a bhí orm agus shoiléir sé suas an t-am sin cineál. "Baoghailleach mé féin a deir sé" "Sé an tuighe a raibh sé i mo chastaráil, níor mhaith leis an bád a dhul go droch bhaile ar bith, bhí meas mór aige ar an bhád agus ba mhaith léi dul in áit inteacht a mbeadh sí sábhailte. Ní luach an bháid a ba mhó a bhí ag cur inní air ar chor ar bith.

DÓNALL: Ní hé, *no*. Ba mhaith leis baile maith di..

DONNCHADH CHASSIE: Baile maith a bheith ag an bhád. Cheannaigh mé an bád ar scor ar bith agus...

DÓNALL: Bhí cúpla céad i do phóca a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí cúpla céad i mo phóca, agus thug mise do é agus bhí an bád agam ach maidin lá ar na mhárach tháinig mé féin le hamharc ar an bhád agus bhí deartháir aige, cineál, ní raibh sé chomh hionraice leis an fhear eile cineál, (gáire). Bhí an fear eile iontach ionraic. Bhí sé seo, d'ólfadh sé corr uair...

DÓNALL: D'ólfadh sé braon.

DONNCHADH CHASSIE: Braon, ach dúirt sé liomsa, "ní bheidh moill ar bith ort an inneall a chur ag dul". Cá fhad ina luí í? arsa mise. "Tá sí ina luí" a deir sé "le sé bliana". Bhuel bhí an oiread eolais agam féin ar innill an t-am sin is go raibh mé ag smaoineamh inneall ar bith atá ina luí le sé bliana, beidh sí deacair a chur ag obair. "Seo leat síos" a deir sé. Chuaigh mé féin síos ar scor ar bith agus chuaigh mé isteach agus chas mé í agus chuaigh sí ag obair. Chuir seo iontas orm, "ó" deir sé "choinnigh mise casta í sin achan lá" a dúirt sé, "le sé bliana"

DÓNALL: Ó bhuel, sin an chúis, sé.

DONNCHADH CHASSIE: Ba sin an tuighe a raibh sí ábalta, túsacht.

DÓNALL: Sin é.

DONNCHADH CHASSIE: Ach ar scor ar bith, bhí cóiriú de dhíobháil uirthi. Luigh sí agus bhí áiteacha ar imigh cláirí inti, sa '_____' agus insa toiseach ach bhí sí ábalta snámh. Thug mé amach 'na Bhun Bhig í, rinne sí féin a bealach 'na Bhun Bhig.

DÓNALL: Bád breá a bhí inti.

DONNCHADH CHASSIE: Bád maith farraige a bhí inti. Fuair mé fear eolach as Gaoth Dobhair, is dóiche go bhfuil aithne mhaith air, *John Chit* a thug siad air.

DÓNALL: Ó bhí aithne mhaith agam ar *John*.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí. Bhí eolas mór ag John ar an chladach.

DÓNALL: Sé, bhí.

DONNCHADH CHASSIE: Thug muid go Gaoth Dobhair í ar scor ar bith agus cóiríodh suas í. Nuair a bhí an bád cóirithe agus achan rud réidh bhí an bád ceart go leor ach ní raibh eolas ar bith ag an fhoireann a bhí ag dul uirthi (gáire).

DÓNALL: Gáire.

DONNCHADH CHASSIE: Iascaireacht ar bith ann agus bhí barúil mhaith agam féin go raibh na foirinn eile ár gcoimhead láidir (gáire).

DÓNALL: Agus cé a bhí leat, cé a phioc tú a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel mo mhacasamhail féin is mó a bhí liom. Fir ar bith, amach ón fhear amháin, fuair muid thiar é, in Ailt a' Chorráin.

DÓNALL: Bheadh seisean eolach go leor?

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí, rinne sé an iascaireacht, bhí sé, sean iascaire a bhí ann. Ó leoga, creidim ach go bé é sin, nach mbeadh mórán iascaireacht déanta(gáire). Ach ar scor ar bith, chuaigh mé féin a chuartú foirinn sular deachaigh mé siar ... Ní raibh mé ábalta á bhfáil agus ní raibh fhios agam cad chuige, ach ó shin smaointigh mé cad chuige. Bhí siad ag déanamh, ní raibh trust ar bith acu asam (gáire).

DÓNALL: Gáire.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh trust ar bith acu asam (gáire) ná bhí cuid mhór ó shin a d'fhoghlaim mise nach raibh agam an t-am sin agus bhí an t-ádh orm fáil ar shiúil leis. Ach dá luath is a tharraing siadsan amach, bhí muidinne amach ina ndiaidh, a leanstan.

DÓNALL: Agus caidé an iascaireacht ar thosaigh sibh air, an bé ar na..?

DONNCHADH CHASSIE: Scadáin.

DÓNALL: Scadáin.

DONNCHADH CHASSIE: Scadáin.

DÓNALL: Ach bhí an áit ramhar le scadáin...

DONNCHADH CHASSIE: Ó, bhí an áit ramhar le scadáin. Mar a dúirt tú féin, ní raibh fiachadh ort a bheith i do iascaire mhaith, thar a bheith go snámhadh siad isteach sa bhád.

DÓNALL: Tá fhios agam, tá sin iontach.

DONNCHADH CHASSIE: Tá sin iontach. Ach ansin, bhí rud beag eile cailte orainn fosta. Bhí eangacha de dhíth orainn. Ní dheachaigh muid fá choinne na rudaí úra, an rud a ba cheart dúinn a dhéanamh.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: Deireadh daoine "Ó tá eangacha thoir ansiúd, ceannaigh iad". Ach nuair a bhí siad amuigh san uisce, bhí siad leathlofa nuair a rachfá á dtarraingt.

DÓNALL: Bhí sibh aineolach a Dhonnchaidh!

DONNCHADH CHASSIE: Aineolach cinnte. Ach rinne muid measarthacht beag ach ní dhearn muid an mhór cuid.

DÓNALL: Ó *but* shaothraigh sibh bhur mbeatha!

DONNCHADH CHASSIE: Ó shaothraigh agus bhí am breá againn. Ní raibh muid ag déanamh mórán eile. San oíche a bheadh an obair a ba mhó leis na scadáin.

DÓNALL: Tá a fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: Obair oíche a bheadh ann agus bhí an chraic agus an t-ól ann, bhí muid óg agus bhí muid breá sásta...

DÓNALL: Bhí sibh... agus cá fhad ar shiúil a rachadh sibh a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ó muidinne, a fhad is a bhí an bád beag ábalta dhul. Bhí muid thuas ag á, ó fá na Cruacha agus órú cá hainm atá air, Boylagh Bay...

DÓNALL DINNY: ...Tá a fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: ...Amach suas ó *Inishfree*...

DÓNALL DINNY: ...Sé.

DONNCHADH CHASSIE: Agus bhí áit chontúirteach ag daoine nach raibh eolach air. Ach go bé go raibh an fear thiar linn, is dóiche, b'fhéidir nach mbeadh muid anseo inniu.

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: Ná bhí muid amuigh oícheannaí garbh go leor.

DÓNALL DINNY: Déarfainn sin.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí. Bhí muid amuigh oíche amháin agus tháinig na madaí orainn agus ní raibh mórán le trí chrann dhéag istigh inti ach b'éigean dúinn na heangachaí a tharraingt le hiad a ghlanadh le dhul isteach. Ach chuaigh muid isteach ar scor ar bith go hAilt an Chorrain

DÓNALL: Stróic siad sin na heangacha

DONNCHADH CHASSIE: Ó stróicfeadh, stróicfeadh. Chuaigh muid isteach go hAilt an Chorrain ar scor ar bith agus bhí an ceannaitheoir na scadáin ina sheasamh ar bharr an *phier* agus scairt sé anuas linn "an bhfuil mórán scadáin imithe nó an bhfuil mórán libh?, agus cad chuige a bhfuil sibh istigh chomh luath". "Á tá" arsa mise "tháinig na madaí orainn". Thug fear Ailt an Chorrain an uillinn domh agus bhí fhios agam gur chuir mé mo chos insa bhuicéad ar dhóigh ínteacht. Níor labhair sé ar chor ar bith ach nuair a d'ímigh an ceannaitheoir "Ó Jesus" a deir sé "cad tuighe ar dear tú sin, nuair a d'ínis tú sin go dtáinig na scadáin, ní cheannóidh sé a'n cheann acu, ní cheannóidh sé a'n cheann acu" ach fuair muid fear eile ansin a cheannaigh na scadáin.

DÓNALL: Sé.

DONNCHADH CHASSIE: A cheannaigh na scadáin.

DÓNALL DINNY: Is bhí ceannaitheoirí ag teacht as ach an áit a Dhonnchaidh san am sin.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí ceannaitheoirí ag teacht as ach an áit ach chaithfeá tú féin a choimhead orthu. D'ínis seisean domhsa an stair, "na hinis a dhath ar bith doafa.

DÓNALL: Sé.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh a'n fhear amháin ar an *phier seo*" a dúirt sé " a d'inseodh an fhírinne ach fear amháin, fear amháin. Ní thiocfadh leis bréag a inse" a dúirt sé.

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: "Ach ní bheadh sé le ` _____ + mórán a deir sé."(Gáire) A bhí. "Sé an dóigh go gcuirfeá an chos insan bhróg" a deir sé "dá dtiocfá isteach, chuirfeadh an ceannaitheoir seo, an chéad cheist, an bhfuil an t-iasc fairsing amuigh?. Ó chaithfeá a rá, níl mórán ar bith ann ach go raibh an t-ádh dearg orainn fhéin go bhfuair muid traidhfil (gáire).

DÓNALL: Go bhfaighfeá díolta iad.

DONNCHADH CHASSIE: Bheadh sé ag déanamh go raibh muid gann ansin...

DÓNALL DINNY: ...Tá agus cheannaíodh sé an t-iomlán...

DONNCHADH CHASSIE: ...agus cheannaíodh iad. Dá n-inisíodh tusa doafa go raibh an bháighe lán, luíodh sé ar gcúl.

DÓNALL DINNY: Ó tá a fhios agam.

Luíodh sé ar gcúl agus ní thugadh sé a dhath dó.

DÓNALL: Agus caidé an cineál luach a bhí orthu a Dhonnchaidh san am?

DONNCHADH CHASSIE: Dhá phunta an crann a bhí muid ag fáil orthu. Bhí ceithre bascaeidí sa chrann.

DÓNALL: Ní raibh caill air, creidim bhfuil fhios agat san am.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh caill air ach ina dhiaidh sin...

DÓNALL: Ní raibh páighe ann d’achan duine...

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh páighe iontach mhór ar bith ann...

DÓNALL DINNY: Ní raibh.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh. Bhí eallach le ceannach is bhí bia le ceannach. Ansin tháinig na bádaí móra agus tháinig na ceannaitheoirí móra agus i gceann bliain nó beirt chuaigh na scadáin suas dhá luach...

DÓNALL DINNY: ...Tá a fhios agam...

DONNCHADH CHASSIE: ... nó trí luach agus chuaigh siad ag déanamh airgid an t-am sin.

DÓNALL: ... chuir sin deireadh leis an iascaire beag, creidim.

DONNCHADH CHASSIE: Chuir sin deireadh leis an iascaire beag cinnte.

DÓNALL: Inis domh ansin fá na scadáin a Dhonnchaidh, is minic a chuala scéalta fá shagart ag cur malacht agus gur imigh na scadáin agus caidé, caidé an cineál scéil a bheadh agatsa, an bé na badaí móra a sciob an t-iasc ná...

DONNCHADH CHASSIE: Á déarfainn gur na bádaí móra a rinne a’ dochar agus bhí an nádúr sin sa scadán, athrach. Bhí *Peterhead* in Alban an dóigh céanna, bhí siad thart ansin, bhí siad ábalta bád a líonadh i leathuair agus d’imigh siad, d’éalaigh siad agus níor phill siad.

DÓNALL: Ní bhfaighfeá scadán anois.

DONNCHADH CHASSIE: Ní bhfaighfeadh, caithfidh sé gur a' *spawn* a bhí siad, na scadáin iad fhéin á chur amach, thóg siad iad sular chuir siad an *spawn* amach agus d'fhág sin ar shiúil ansin iad, bhí na bádaí móra ag déanamh an cleas céanna. Bhí an rus a dtugann siad na *ringlets* acu...

DÓNALL DINNY: ...Sé...

DONNCHADH CHASSIE: ...Agus thógfadh siad *bulk*, thógfadh siad an *shoal* uilig. Thógfadh.

DÓNALL: Is an ndíolfadh sibhse a Dhonnchaidh na scadáin in Ailt an Chorráin ar fad, an bhfuil sin fíor?

DONNCHADH CHASSIE: Tá sin fíor, dhíolfas muid in Ailt a' Chorráin iad agus amanna thiocthadh muid isteach go Gaoth Dobhair, bheadh muid i nGaoth Dobhair an chéad uair nuair a rachfadh na scadáin siar, bhí tú thiar...

DÓNALL DINNY: ...Sé...

DONNCHADH CHASSIE: ...Bhí tú thiar. Agus bhí trucannaí ansin, bhí fear as Gaoth Dobhair é féin ag ceannach scadán. Tá fhios agat *McBride* a bhí ag an siopa mhór sin a bhí thíos ag an rud. Bhí sé á gcur suas *eh*.

DÓNALL: *Thomas John*, ... bhí sé thíos ag cé an Bhun Bhig...

DONNCHADH CHASSIE: ...'Sé do *Thomas John* a bhí sé ag obair tá fhios agat...

DÓNALL: Bhí siad thíos ar ché an Bhun Bhig.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, bhí cinnte.

DÓNALL DINNY: Tá a fhios agam anois.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé á gcur suas go *Annalong* (Áth na Long)...

DÓNALL DINNY: ...An raibh?...

DONNCHADH CHASSIE: ...Agus bhí bád mór ansin á dtabhairt anonn go Sasain nó bhí mé fhéin suas le leoraí, ag cuidiú í a thiomáint le Mac Giolla Bhríde as, as Anagaire thuas ansin...

DÓNALL DINNY: ...Tá a fhios agam...

DONNCHADH CHASSIE: ...*Charlie Mc Bride*...

DÓNALL DINNY: ...Sé...

DONNCHADH CHASSIE: ...Ach chuaigh an bheirt againn suas léithe, lód trom scadán uirthi, le leoraí McBride, le leoraí...

DÓNALL: Tá fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: *Aye.*

DÓNALL: *Só,* an mbeadh sibhse ansin ag dul go, rachfá, rachfá thusa go Árann is na háiteacha sin go minic a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ó rachfadh, rachainn.

DÓNALL: Bhí aithne agat ar dhaoine ar na hoileáin uilig chóir a bheith.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí aithne agam ar chuid mhór acu, go háirithe lucht na hóstán nó sin an chéad mhuintir a chuirfeadh aithne orm (gáire).

DÓNALL: Bhí tú á rá an lá deireanach, cosúil le istigh tígh Hiúidí Bhig fada ó shin, chífeá na, cá hainm?

DONNCHADH CHASSIE: Chífeá na lantracha agus bhí siad orlach ar doimhne ar an chuntar agus ní chuirfí suim ar bith iontu... bhí siad geal, bhí an cuntar geal, ní raibh maith dath ar bith eile a chur air tá fhios agat, sin an dath a bhí air... ach caithfidh túsa smaointiú, bhí cuid mhór bádaí ansin, b'fhéidir go raibh daichead bád agus ceathrar ná cúigear, sin dhá chéad fear ag teacht aníos le lantracha. D'fhanfadh na lantracha ort mar bhí sé le cur am i mbascaeidí le lámha agus bhí na scadáin sin uilig lán lantracha, ní hionann iad agus a' muintir a bhí na bádaí móra á thógáil. Bhí na lantracha nite ar shiúil ag na trawláil a bhí siad ag déanamh orthu ach bhí na lantracha beo aníos leis an scadán.

DÓNALL: is ar fhan túsa leis an iascaireacht traidhfil blianta a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: D'fhán mé leis an iascaireacht cúpla bliain. Nuair a stad na scadáin, chuir muid amach, mé fhéin agus an comrádaí eile a bhí agam, ní raibh ach an bheirt againn ansin. Chuir muid amach línte fada agus bhí muid ag fáil traidhfil bocsaí *Scate* agus *Cods* agus rudaí. Chuirfeadh muid go Baile Átha Cliath iad as Ailt a' Chorrain agus bhí traidhfil puntaí ann.

DÓNALL: Ó nach cinnte, bhí dúil agatsa do lámh a leagadh ar achan cineál...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí...bhí...bhí dúil agam agus leoga ní raibh mórán eolais ag an bheirt againn ar na línte fada nó is iomaí áit a raibh muid nár cheart dúinn a bheith, laetha gairbhe, ach go bé go raibh an bád cineál ábalta. Ba ghnách le muintir Áranna muid a choimeád ó na banna ná bhí siad ábalta scéalta a insint ina dhiaidh sin. Bhí muid amuigh lá amháin ar scor ar bith ag na *Stags* agus bhí an lá ag amharc galánta ach bhí mé fhéin cromtha sa bhád ag '_____' na línte fada agus an fear eile á gcaitheamh amach, agus nuair a thóg mé mo cheann bhí na *Stags* thar a bheith ag mo thoabh. Bhí an ghaoth mo rith isteach orthu...

DÓNALL: Ó Jesus bhí... ní raibh túsa ag amharc siar ar sin...

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh mé ag amharc siar

DÓNALL: Bhí do cheann ar an obair...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, agus an ghaoth ag éirí, bhí na tonnaí ag éirí, bhí sí ag éirí garbh. Ní raibh a dhath agam le déanamh ach rinne mé sa bhomaite é, chuir mé an scian ar an líne agus lig mé ar shiúil é agus rinne mé ar an inneall ach mar a d'inis mé roimhe duit, an chéad *swing* is d'imeodh sí agus d'imigh sí. Mura n-imeodh ní bheinn anseo inniu agus sheasaigh sé tamaill ní raibh '_____' trom ar bith inti le í a thabhairt amach nó níor ghnách le '_____' mhór ar bith oibriú. Nuair a chuir mise chun tosaigh í leis an chumhacht uilig uirthi, sheasaigh sí suas díreach ní raibh sí '_____+' bhí an sruth ina héadan agus an ghaoth chomh láidir sin ach chaith mé rud beag ar a taobh í a thug a hanáil dí agus bhog sí... Thug sin ar shiúil í. Ansin bhí fhios agam nach mbeinn ábalta gabháil isteach go hAilt a' Chorrain léi, bhí sé i m'éadan. Rinne mé amach, isteach siar go dtí banna Áranna agus tháinig mé thart na banna ansin. Ní raibh an ghaoth ag gabháil a bhreith orm agus fuair mé isteach.

DÓNALL: Bhí fad ar do shaol!

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí fad ar mo shaol cinnte.

DÓNALL: Chíonn tú greannmhar anois é agus creidim go bhfuil... cha raibh sé ró-ghreannmhar...

DONNCHADH CHASSIE: Ó chím anois é... tuigim anois é nuair a smaointím. Ní raibh sé róghreannmhar an t-am sin. Ni raibh, ní raibh ach s'íomaí áit a raibh muid nár cheart dúinn a beith agus oícheannaí ag teacht anuas as [*Boylack Bay*]. Bhí muid ag teacht anuas oíche amháin eile agus bhí gasúr as Ailt a' Chorrain linn an oíche sin. Rinne sé stair dó féin fán Chlochán Liath, Big John O'Donnell, tá sé marbh anois...

DÓNALL: Mhothaigh mé an t-ainm go minic... ní raibh aithne ar bith agam air...

DONNCHADH CHASSIE: Mhothaigh cinnte. Bheadh sé ag obair i Sasain agus bheadh sé istigh leis na contractors mhóra seo, bhí sé ag déanamh go maith. Bhí sé, saol breá aige ar an Chlochán Liath ach fuair sé bás óg ach bhí sé linn an oíche sin, ní raibh sé ach ceithre bliana déag. Bheadh an t-athair linn roimhe sin ach bhí an t-athair ag déanamh rud inteacht an oíche sin agus chuir sé an gasúr. Agus bhí muid ag teacht anuas [*Boylack Bay?*] ag déanamh isteach ag tarraingt ar Inis Fraoich thiar agus d'amharc mé féin suas agus chím an cnoc mór seo ag teacht agus dúirt mé leis an gasúr, cnoc uisce a bhí ann tá fhios agat, caide an cnoc é sin? Ach sa bhomaithe chaith sé thart ar a stiúir í agus chuir sé an tóin isteach sa, ba sin a [*líonann mór a' ghlasán?*] agus briseann sé leathmhíle agus dá mbeirfeadh sé orainne ar a taobh, chuirfeadh sé thoir ina chorp í. Ach fuair sí sa tóin é agus thóg sí suas a' bád agus chuir sí deich slat is fiche thar a bheith chun tosaigh í.

DÓNALL: Jesus, nach é a bhí gasta ag smaointiú!

DONNCHADH CHASSIE: Bhí. Ó smaointigh sé gasta do ghasúr, chaithfinn á thabhairt dó, chaith sé tóin isteach inti sa bhomaithe aidh aidh. Ó bhí an t-eolas sin aige, bhí sé ar an, bhí eolas maith farraige aige nó fear oileáin a bhí ann. Chaithfeadh sé theacht na scoile ón oileán agus chaithfeadh sé dhul na bhaile ón oileán (gáire). Bhí sé mar a deirfeá ag siúil a' bhealaigh ar fad.

DÓNALL: Bhí sé á phiocadh suas óna athair fosta.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, b'fhéidir dá mbeadh an t-athair ann nach mbeadh sé leath chomh gasta, b'fhéidir.

DÓNALL: Ach bhí dúil agatsa san iascaireacht a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí an '_____' sin orm gan mórán eolais agam air, bhí dúil agam ann, ba mhaith liom a bheith amuigh.

DÓNALL: An raibh do mhuintir romhat ag gabháil don iascaireacht?

DONNCHADH CHASSIE: Arú, ní raibh, ní raibh. Ní thiocfadh liom a rá go raibh. Bhí '_____' bád ar an bhaile seo na bádaí beaga fada ó shin uilig. Bhí bád ag achan teach. Bheadh siad ag gabháil amach fá choinne leathair agus. Dhéanfaid siad rud beag iascaireachta ach ní raibh stair mhór iascaireachta ar bith iontu, ní raibh. Níl mé ag déanamh go raibh fear ar bith acu thuas i [Traigh Eanach?] ag na scadáin, ... de mo dhreamsa. Bhí dream eile as Rann na Feirste thuas, cuid mhór acu, bhí. Ba ghnách leofa na bádaí, na *yawls* beaga sin, mar a d'inis mé a roimhe duit, ar bheithíoch is ar chairt.

DÓNALL: Sé, inis sin domh arís.

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel, chuirfeadh siad na *yawls* ar an chairt agus rachadh siad suas an bealach mór go [Traigh Eanach?]. Ní rachadh siad thart a' chladach uirthi.

DÓNALL: Is tá cuimhne agat ar sin a Dhonnchaidh!

DONNCHADH CHASSIE: Ó níl cuimhne agamsa air... tá sé stair, m'athair is iad a d'ínis dúinn é. Bhí iontas orm caide mar a bhí siad ábalta sin a fháil suas ar an chairt. Caithfidh sé go raibh rud inteach, *rig* déanta acu.

DÓNALL: a choinneodh í

DONNCHADH CHASSIE: Sé, bhí siad ábalta iad a thabhairt suas.

DÓNALL: Shílfeá nach dtiocfadh leat.

DONNCHADH CHASSIE: Shílfeá nach dtiocfadh.

DONNCHADH CHASSIE: Ach bhí eolas maith na gcapla an t-am sin acu. Bhí siad ábalta turasannaí fada a dhéanamh. Bhí siad ábalta a ghabháil go Leitir Ceanainn leofa agus pilleadh.

DÓNALL: agus lódaí breátha a thabhairt na bhaile.

DONNCHADH CHASSIE: Lódaí breátha a thabhairt na bhaile cinnte.

DÓNALL: ar drochbhealtaí

DONNCHADH CHASSIE: ar dhrochbhealtaí. Bhí athair mór agam fhéin, Ned Jack Ó Gallachóir agus '_____' shiúil sé as Dún na nGall leis an bheithíoch. Fear mór, clúiteach láidir. Ní raibh aon fhear sa Chontae seo chomh láidir leis.

DÓNALL: Bheadh sé ag [cathadóireacht] ar fad go díreach.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé in a [chathadóraí], bhí sé ina throdaí fosta ach ag tógáil an mheáchain. Bhí sé ábalta thara na deich gcloch is fiche a thógáil.

DÓNALL: Jesus, fathach de dhuine a bhí ann.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh sé iontach mór ach deir siad go raibh muineál as *power* air.

DÓNALL: Bhí sé tógtha mar a bheadh...

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel inseoidh mise an bharúil atá agamsa an rud a rinne cleachtadh de sin dó. Bhí cliobóg de bheithíoch mhaith aige agus bheadh sé féin ag déanamh poitín ach ní raibh sé ábalta an oiread a dhéanamh is a bhí á dhíol agus cheannódh sé ó dhuine eile iad agus bhí dhá *keg* ar an bheithíoch aige. Bairillí troma, ní *kegs* éadrom a bhí iontu. Agus rachadh sé fríd an tír go ndíolfadh sé iad

agus chaithfeá a bheith iontach ábalta an bairille mór trom sin a thógáil suas ar thaobh an bheithígh.

DÓNALL: Nach gcaithfeá sin.

DONNCHADH CHASSIE: Chaithfeadh, agus bhí sé lá amháin suas, ó bhí sé a fhad thuas le *Ballbofey*, isteach ansin, *Dromboe*. Na háiteacha '_____' sin a dhíolfadh sé é. Bhí *village* beag ann ar scor ar bith agus bhí baicle fear, ní raibh a dhath eile acu le déanamh bhí sé sa tsamhradh. Bhí sé ag comhrá leofa agus dhíol sé an poitín agus thug sé anuas an *keg* agus bhí siad á bhreathnú agus san am sin gaiscíocht uilig a bhí ag cur buartha ar na fir.

DÓNALL: Bhí sin fíor.

DONNCHADH CHASSIE: Dúirt fear acu leis an fhear eile "bíodh geall nach dtógfadh aon fhear agaibh sin anuas. Ó tógfaidh" arsa cúpla ceann acu. An fear a ba throime a chuir sé chun tosaigh, ní raibh sé ábalta é a dhéanamh.

DÓNALL: Níor éirigh leis.

DONNCHADH CHASSIE: agus tháinig '_____' chuir sé troid ar Ned.

DÓNALL: Ned a bhí ar d'athair mór...

DONNCHADH CHASSIE: Ned, Ned Jack. Chuir sé troid air. Dúirt sé go dtroidfeadh sé é, níor chuir an '_____', dúirt sé go dtroidfeadh sé é, agus cibé spiorad a bhí i Ned, ní ligfeadh sé é fhéin síos ach dúirt sé leofa, "ní throidfidh mise i mo sheasamh fríbhse" a deir sé "nó tá fhios agam má fhaigheann seisean an chuid is measa dó, go dtabharfaidh sibhse domhsa é.

DÓNALL: Tá fhios agam...

DONNCHADH CHASSIE: “Ach tá *shed* mór thall ansin” a deir sé “troidfidh mé istigh ansin é”

DÓNALL: Bhí sé cliste

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sé cliste, agus d’inis Ned é fhéin an scéal “agus fathach mór de fhear a bhí ann” a deir sé. “Ní raibh fhios agam caide mar a thiocfainn amach as” a deir sé, “ach bhí sé ‘_____’ bhí confach iontach, bhí cuma chonfach, gharbh air”. Ach chuaigh siad isteach ar scor ar bith sa *shed* agus *by jees* dá luath is a chuaigh siad i gceann a chéile, thug Ned a b.. dó, d’inis Ned é fhéin dó “bhí eagla orm roimhe” a deir sé “agus thug mé an buille feallteach dó”. “*Knockáil* mé amach é”

DÓNALL: An chéad bhuille go díreach.

DONNCHADH CHASSIE: An chéad bhuille, “agus thug mé léim amach ar an doras agus d’fhág mé ba bairillí i mo dhiaidh agus fuair mé ar an chliobóg” a deir sé.

DÓNALL: Bhí fhios aige go mbeadh an tóir air.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí fhios aige dá mbuailfeadh sé istigh é go bhfaigheadh sé an...

DÓNALL: Bheadh an mhuintir eile sa tóir air agus

DONNCHADH CHASSIE: Ó bheadh an mhuintir eile sa tóir air agus bhain sé an shiúil amach agus fuair sé ar shiúil lena bheatha. Fuair sé na bhaile ar scor ar bith, ach fear mór oibre a bhí ann, bhí cuid mhór talamh aige. Ba leis an talamh siar an ‘_____’ bhuí sin uilig. Agus ba ghnách leis cuid mhór coirce a chur agus bheadh daoine ag obair aige nó san am sin ní raibh uirlisí ar bith ann ach an spád, chaithfeá an talamh a rómhar agus...

DÓNALL: Ó an t-iomlán go díreach.

DONNCHADH CHASSIE: agus chaithfí baint leis a' chorrán ach bhí stór mór coirce aige, ach an geimhreadh seo ar scor ar bith, thug sé faoi deara go raibh an coirce ag imeacht, go raibh duine inteacht á ghoid. Agus shuigh se an oíche seo ar scor ar bith, agus sa mhéan oíche tháinig an fear beag seo agus mála leis agus líon sé suas an mála agus tháinig Ned amach as cúl an áit a raibh sé i bhfolach. "Chím" a deir sé "go bhfuil tú ag goid mo chuid coirce", "Ó Dhia Ned a dheartháir, na hinis a choíche go raibh mé ag goid do chuid coirce, bhí an t-ocras sa teach" a deir sé "agus tá an teaghlach i laige is ní raibh an darna rud agam le déanamh". "Ach nach bhfuil tú á ghoid le tamall" a dúirt Ned. "Och nach bhfuil mé bocht ar fad" a deir sé. "Bhuel" arsa Ned "tabhair leat seo ach ná tar mo chomhair níos mó". "Bhuel" arsa an fear eile leis "Ned, an dtabharfaidh tú '_____' domh nach n-inseoidh tú, nach n-insíonn tú d'aon nduine choíche gur bheir tú orm ag goid do chuid coirce... ag gadaíocht". "Bhuel, tá m'fhocal agat" arsa Ned "ní osclódh mise mo bhéal a choíche". Ach coicís ina dhiaidh sin tháinig an fear chuige agus dúirt sé leis "Ned, shíl mé go dtug tú d'fhocal domh nach n-inseofá d'aon nduine" "Maise, níor inis" arsa Ned "Níor inis mise d'aon nduine beo" a deir sé. "Ach ar inis tú fhéin d'aon nduine" a deir sé "Ó níor inis" a deir sé "níor inis mise d'aon nduine é amach ó mo bhean", "Ó" a dúirt Ned "gabh chuig do bhean agus cuir ceist uirthi ar inis sise d'aon nduine?" ba a bhean a d'inis é. Ba é a bhean a d'inis é go raibh Ned ag goid... a choirce. Bhí Ned ina fhear láidir, nuair a báitheadh Pádraig Ó Domhnaill, mhothaigh tú "An Chéad Mháirt d'Fhómhair" an t-amhrán sin.

DÓNALL: Bhuel sin duine de na céad, na fir a cheannaigh Rann na Feirste abea?

DONNCHADH CHASSIE: Ó Ní hé.

DÓNALL: *No* tá mé ar shiúil contráilte, Mac Grianna a bhí ar é sin.

DONNCHADH CHASSIE: Ach bhí seisean isteach cineál ina gcuideachta... bhí

DÓNALL: *Só* Pádraig Ó Domhnaill, inis túsa an scéal sin domhsa anois.

DONNCHADH CHASSIE: Nuair a báitheadh Pádraig Ó Domhnaill ag teacht as an Bhun Bheag le currach agus mála braich leis fá choinne poitín a dhéanamh. Tógadh an corp ar a' chreátúr agus tugadh isteach an currach agus bhí mála na braich ina luí amuigh sa chladach sa '_____' nó sa ghaineamh bhog agus '_____' a bheirfeadh siad air, sa '_____'. Ní bheadh '_____' ar bith ábalta dhul isteach is á thógáil agus bhí na málaí trom san am sin, bhí siad sé chloch déag.

DÓNALL: Bhí sin trom.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí sin trom agus dúirt Ned leofa "má thógann sibh ar mo dhroim é, bheirfidh mise na cladaigh é" agus thug, tógadh an mála ar Ned agus thug sé na cladaigh é. Tá an chloch mhór a thóg sé '_____+' ag teach Pháidí Dhónaill Ned. Tá fhios agat an áit a bhfuil teach Sheáin Neil, an teach taobh abhus dó, tá an chloch le feiceáil ansin agus a ainm air ná tomhaiseadh í agus deireadh.

DÓNALL: Scríbeadh, cuireadh ainm...

DONNCHADH CHASSIE: Ó cuireadh ná bhí sí i bhfianaise mhuintir Rann na Feirste ariamh, Cloch Ned.

DÓNALL: Caithfidh mé amharc ar sin.

DONNCHADH CHASSIE: Caithfidh tú amharc air.

DÓNALL: Tá fhios agam teach Néill, tá fhios agam an teach.

DONNCHADH CHASSIE: Tá fhios, bhuel an teach taobh abhus do go díreach ansin chífidh tú ansin ar chúl a' tíghe, tá an chloch thuas ansin. Bhí muintearas acu sin daofa fosta. Bhí muidne ar choiste anseo tá cúig ná sé bliana ó shin agus rinne muid

amach í a thomhais agus í a thabhairt as cladach Rann na Feirste bhí sí thíos sa chladach.

DÓNALL: agus tugadh aníos í.

DONNCHADH CHASSIE: agus tugadh aníos í. Bheadh cuid mhór fir thíos ag iarraidh í a thógáil.

DÓNALL: Ní raibh siad ábalta.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh siad ábalta.

DÓNALL: Agus caide an dóigh ansin ar éirigh í a thabhairt aníos a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ó thug mise aníos le *linkbox tractor* í.

DÓNALL: An dtug?

DONNCHADH CHASSIE: Thug. Bhí tractor agam agus tá fhios an *linkbox agus rolláil* muid isteach inti í agus thug muid aníos í agus thug muid síos tígh Dhonnchaidh Pháidí Sheáin í, bhí an siopa ag gabháil san am agus bhí na sean *weighbridges* móra sin acu a bhí sa tseanam agus cuireadh suas í, i bhfianaise chúigear nó sheisear agus sin an meacháin a bhí uirthí agus inseoidh na Donnchadhs go fóill duit é, na deich gloch is fiche. Agus thug muid aníos as sin í go dtí an teach muinteartha sin ar an taobh eile de theach Sheáin Néill agus rinne muid cineál de leac díthe agus chuir muid ina suí ar sin í.

DÓNALL: agus scríobh sibh ainm s'aige...

DONNCHADH CHASSIE: fuair muid an t-ainm scríofa uirthi agus eile, fuair.

DÓNALL: agus bhfuil sí ina seasamh suas ar a cur a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Tá sí ina seasamh ar a cur ar bharr a' ruda. Tá...

DÓNALL: Caithfidh mé sin a fheiceáil...

DONNCHADH CHASSIE: Caithfidh tú é a fheiceáil cinnte.

DÓNALL: Bhí mé thíos inne agus, bhuel rachaidh mé síos arís...

DONNCHADH CHASSIE: Aidh inseoidh duine ar bith duit soir ansin cá bhfuil sí...

DÓNALL: Ó inseoidh...

DONNCHADH CHASSIE: Tá fhios agat é. Teach Sheáin Néill ansin, tá bealach beag ag gabháil soir, bhuel an chéad teach de na seantithe, tá sé déanta suas anois, ar an taobh dheas de sin. Tá sí go díreach ar a' taobh sin dó, ar a' taobh thoir... agus tá sí le feiceáil go mór.

DÓNALL: Ba mhaith liom sin a fheiceáil.

DONNCHADH CHASSIE: Thiocfadh leat í a fheiceáil cinnte.

DÓNALL: Ach bhí léir talamh ag Ned, caide an dóigh a raibh sin a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel bhí sé cineál ar chéad de na mhuintir eile, an chéad dhream a tháinig isteach.

DÓNALL: Sin é, bhí an talamh aige

DONNCHADH CHASSIE: Bhí an talamh aige...

DÓNALL: ... ó ghlúin go glúin cineál.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí an talamh aige, bhí an talamh aige agus bhí an talamh sin ina rith as Loch na nDeoran síos go dtí an ceann, síos go tóin bhaile Rann na Feirste.

DÓNALL: Raibh bhuel?

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, ná nuair a tháinig sé, thiar anseo, rinne sé an chéad teach, ní 'n teach a bhí ann ach bothóg agus ní riabh 'n ainm ar sin ariamh ó shin ach Ardán, Bothóg, Ardán na Bothóige ach Ned a bhí ann. Ansin chuir sé, níos faide síos go teach, fríd Rann na Feirste go dtí, tá fhios McBride, Micí McBride, Micí...

DÓNALL: Ó tá fhios, tá fhios agam anois.

DONNCHADH CHASSIE: As Gaoth Dobhair é, tá sé pósta ar '_____'. Bhuel sin áit Ned, an áit a bhfuil seisean ina shuí air. Taobh thíos de sin a rinne Ned a chuid tithe. Muiríneach a bhí san am orthu. Ach bhí an chéad *phane* fuinneog aige, gloine a bhí ar a' bhaile agus thioctadh na daoine agus sheasfadh siad go bhfeicfeadh siad... amach ar an fhuinneog.

DÓNALL: Bhuel bhfuil cuimhne agatsa a Dhonnchaidh ar muiríneacht, ceann tighe uilig a bhí ar na tithe i do óigesa.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí, tá cuimhne mhór agam ar na tithe ceann tighe, bheadh an t-eallach istigh ann ná nuair a bhí mise i mo ghasúr bheag, ba thíos i dtóin Rann na Feirste, teach mór fada ceann tighe agus an t-eallach ceangailte thíos...

DÓNALL: i dtóin a' tígh.

DONNCHADH CHASSIE: i dtóin a' tígh acu agus tine thuas ansin ar lár agus nuair a rachainnse fá choinne a ghruaig a fháil domh, bheirthe síos, chomh fada síos in aice an eallaigh fá choinne na ribeacha a bheith thíos is a thiocthadh leat agus bheadh sé ag baint na gruaige domh ansin, Donnchadh John Eoiní. Agus bhí fear amháin a chuaigh isteach lá amháin ann agus bhí bairéad agus bhain sé an bairéad dó agus d'fhág sé ar '_____' (gáire) nuair a bhí an *haircut* aige bhí goile ar an bhó (gáire), bhí an bairéad ite...

DÓNALL: ite ag a' bhó (gáire)

DONNCHADH CHASSIE: ite ag a' bhó

DÓNALL: bhí sise ag géarchagnadh léi air...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, ag cognadh léi ar a' bhairéad, ag cognadh leo ar a bhairéad.

DÓNALL: *But* nach millteanach an t-athrach a chonaic tú a Dhonnchaidh ag amharc air...

DONNCHADH CHASSIE: Ó chonaic mé athrach mór, in am gairid.

DÓNALL: Tá túsa ag caint ar an am seo de bhliain nuair a bhí sibhse óg bheadh sibh ag rómhar, bheadh achan pháosa de Rann na Feirste ...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bheadh, ní bheadh fear ar bith ina shuí anois fán am seo bliain gan a bheith ag déanamh rud inteacht agus bhí cúpla spád ag achan teach, agus ní raibh agat ach amharc ar cheann na spáide sin, bhí sí chomh sciúrtha leis an obair. Má fheiceann tú spád anois tá troigh meirg uirthi (gáire).

DÓNALL: Tá sí ina suí istigh le cúpla bliain.

DONNCHADH CHASSIE: Tá ach bhí siad galánta an t-am sin.

DÓNALL: *But* caithfidh sé go bhfuil cuimhne agat nuair a bhí na cuibhrinn bheaga uilig glas agus...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí cinnte agus bheadh scairt ort anois is arais agus, d'ímigh sin fosta agus 'sé an scairt a bheadh ann 'bó in abar'. Tá fhios agat, ní raibh ann ach píosaí beaga agus bhí na draeintí uilig foscailte acu an t-am sin. Chaithfeadh siad leis na giota talamh a choinneáil tirim. Bhuel ansin bhí an t-eallach bocht ag innilt thart ar na píosaí beaga sin agus shleamhnódh sé isteach sa díog agus bhí sin chomh domhain is ní raibh siad ábalta theacht amach as. Chaithfeadh siad cúigear ná sheisear fear a fháil ansin le í a thógáil amach.

DÓNALL: *But* bhí na comharsanaigh chomh cuidiúil.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí siad chomh cuidiúil an t-am sin. Ní bheadh orthu ach lúcháir, “gabh síos chuig Donnchadh ná gabh síos chuig Páidí nó cruinnigh iad” .

DÓNALL: Is bhí meitheal fá choinne...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí meitheal fá choinne achan rud.

DÓNALL: Bhainfí do chuid mónadhsa inniu agus...

DONNCHADH CHASSIE: Sé, bhí siad uilig ag cuidiú le chéile mar sin, rachadh an obair ar aghaidh níos fearr, rachadh, rachadh. Is minic a chonaic mise le málaí faoi bholg na bó iad, Mála mór *thick* agus beirt fhear ar achan taobh ‘_____’ de cheann acu agus fear ar a cloigeann agus fear ar a ruball go dtógfadh siad amach í, go mbrúfaí amach í.

DÓNALL: agus dhéanfaidh

DONNCHADH CHASSIE: Ó dhéanfaidh nó dá bhfanfadh sí i bhfad istigh in san uisce sin, chuirfeadh sé isteach uirthi.

DÓNALL: Tá fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: Chuirfeadh agus bheadh sé ní ba mheasa dá mbeadh gamhain inti.

DÓNALL: Chaithfeá í a fháil amach cineál...

DONNCHADH CHASSIE: Chaithfeá í a fháil amach cineál gasta ach bhí cuid mhór den obair sin ag gabháil. Bhuel ansin, tránna feamainne agus mar a dúirt tú fhéin, cruinnithe monadh, bhí na cruinnithe sin uilig, chruinneodh na daoine.

DÓNALL: Is bhfuil cuimhne agatsa ar ag baint feamainne a thabhairt aníos ag léasadh an talamh a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ó rinne mise cuid mhór de sin leis a' tractor nuair a fuair mé í i dtús a' lae. Is minic ó shin a bhím ag smaointiú air.

DÓNALL: An raibh tú a '_____' aníos le cliabh ar tús a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh. Bhí an chéad uair ach nuair a fuair mise an inneall ba ghnách liom a dhul isteach agus í a thógáil óna carraigeacha daofa, na clocha, ó na clocha daofa.

DÓNALL: Is an mbeadh corrán beag agat?

DONNCHADH CHASSIE: Bheadh *grape* agam á líonadh isteach tá fhios agat, bheadh sí bainte acusan, bhí.

DÓNALL: Tuigim anois.

DONNCHADH CHASSIE: Ba cheart do chorrán bheag a bheith ag na creatúir ach is mór an ama, streachail lena gcuid lámha a bhí siad, ní iontas do na lámha a bheith garbh orthu, mná agus fir. Bhí teaghlach thiar anseo agus chuirfeadh siad aníos trí *thtractor* mhóra *trailor* achan nó Earrach, achan Earrach agus bhí sí sin uilig le spréadh ansin ar a' talamh acu isteach i ndrilleannaí. Bhí cuid mhór oibre leis.

DÓNALL: *Jesus* bhí sin maslach nach raibh.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí sé maslach, go háirid do na mná. Bhí na fir láidir cleachtaithe leis cinnte ach bhí sé trom ar mhná agus níl fhios agam cad chuige a dtabhartaí na mná síos. Deirfinn gur an chuige go dtabhartaí síos iad, chaithfeá é a dhéanamh gasta, lánmhara, idir dhá lánmhara '_____' agus ansin chaithfeá a

bheith ansin ar an am nuair a bheadh sí bainte, gan cineál ligint don lánmhara a theacht isteach is í a thabhairt ar shiúil.

DÓNALL: Chaithfeá a bheith ann in am is í a thabhairt aníos.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí an cuidiú de dhíobháil ansin le í a líonadh.

DÓNALL: Inis domh a Dhonnchaidh, bhí tú ag insint an lá deireanach domh fá, lá a dhíol sibh an bád, abea thuas i mBéal Feirste nó?

DONNCHADH CHASSIE: Ó `sé, an lá a dhíol mé an bád. Bhuel `sé an dóigh ar díoladh an bád, bhí mé thíos Domhnach amháin ag baint uisce asti is ag amharc thart uirthi agus bhí an inneall ar obair agam agus stop mé í agus bhí achan rud i gceart agus tháinig mé aníos ar a' ché agus bhí cúpla fear ag comhrá agus strainséir a bhí ar fhear acu. Bhí sé ag cur ceist cá raibh an fear seo ina chónaí, go raibh sé fá choinne bád a cheannach uaidh. Tá mé ag déanamh gur Dónall Ó Domhnaill a bhí sé á chuartú. Ní raibh sé fán áit an t-am sin. Dúirt an fear seo leis go raibh bád agamsa agus go ndíolfainn í b'fhéidir agus chuir sé ceist orm an ndíolfainn í?, ó a dúirt mise, b'fhéidir go ndíolfainn, dá bhfaighfinn an t-airgead ceart uirthi agus chuir sé ceist orm caide a bhí á iarraidh uirthi agus d'inis mé dó. "An bhfuil an inneall maith inti" a deir sé, "ó tá" arsa mise. "Gabh síos is cuir ar obair é" a deir sé. Chuaigh mé fhéin síos. Chuaigh mé isteach, bhí sí iontach fuarast a chur ag gabháil. Chas mé í agus chuaigh sí ag gabháil is dhruid mé an doras agus nuair a tháinig mé aníos "níor thosaigh sí" a dúirt sé "Ó a Dhia, thosaigh" arsa mise "tá sí ag gabháil". Chuaigh sé anonn agus d'oscail mé an doras agus bhí. Ní raibh trup ar bith aici mórán, bhí sí mar a bheadh, mar a deir an Béarla *sowing machine* ann.

DÓNALL: Bhí sí go díreach. Go deas ciúin.

DONNCHADH CHASSIE: Iontach ciúin ag gabháil ach cheannaigh sé an bád ar scor ar bith agus bhí sé sa *deal* go gcaithfinn í a fhágáil síos sa Chaisleán Nua abea a bheireann siad *GreenCastle* .

DÓNALL: Jesus, bhí *deal* iontach aige.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí *deal* ann agus chaithfinn í a fhágáil síos.

DÓNALL: Ach ghlac tú leis a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Ghlac mé leis.

DÓNALL: Rinne sibh an margadh.

DONNCHADH CHASSIE: Rinne muid an margadh agus chuir sé an oiread seo airgid síos uirthi agus...

DÓNALL: Go bhfaighfeá an chuid eile nuair a...

DONNCHADH CHASSIE: Nuair a d'fhágfainn thíos, an rópa thíos ina lámh aige, gheobhainnse an chuid eile den airgead. Ar scor ar bith, an lá seo, chuir mé fhéin '_____' inti. Bhí fear ag obair ar a' Bhun Bheag, ina *mhanager* air, a dtugann siad *swan* air agus dúirt sé go mbeadh sé síos liom. Tháinig sé ansin i láthair agus bhí cailín leis. Thug mé féin faoi deara go raibh siad iontach tortach ach níor smaointigh mé ariamh cad chuige ach smaointím inniu gur *lifejackets* a bhí orthu. Chuaigh an triúir againn isteach sa bhád ar scor ar bith agus bhog muid linn. A leoga maidin ghiobach go leor ar bhí ann agus choinnigh muid ag gabháil linn go raibh muid síos go maith, ó ag tarraingt isteach ar an *limeburner*, taobh abhus den *limeburner*, mhothófá an rud ag gabháil amuigh air ach d'éirigh an oíche ní ba ghairbhe ar scor ar bith agus bhí eagla orm fhéin go reáchtalóidh sí amach as ola orm ná ní raibh muid ag déanamh siúil gasta ar bith. Bhí an oíche ag titim orainn is bhí an fhearthainn ag teacht orainn ach nuair a fuair muid isteach le '_____' shíl muid go raibh muid i gceart ach ansin ní raibh muid ábalta an port a dhéanamh amach. Bhí muid sábhailte go leor istigh ar an loch. Bhí sí níos ciúine ná amuigh. Tháinig muid aníos ar scor ar bith ach sular fhág mise an baile léi chuir mo dheartháir fhéin agus

comharsanach domh síos le carr agus thug mé *torch* daofa. D'iarr mé orthu a bheith ar a' *phier* nuair a d'éireodh sé dorcha le solas agus *signal* thabhairt domh a theacht isteach ach nuair a tháinig mise aníos cóir *Ghreencastle* ní raibh ceachtar acu ann, ní raibh solas ann, ach bhí go leor solais eile ann, na rudaí contráilte a bhí ann. Bhí *garage* ann agus shíl muid b'fhéidir gurb é an *pier* a bhí ann. Rinne mé isteach air ach nuair a bhí mé giota maith isteach, chonaic mé an cùr bán ag briseadh uilig thart agus d'aithin mé go raibh mé istigh in aice creige áit ínteacht. Bhog mé amach arais.

DÓNALL: (gáire)

DONNCHADH CHASSIE: ach bhí an t-ádh orm sa deireadh, chonaic mé na crainn ar a' bhád taobh istigh. Bhí balla *conrete* thart air agus bhí sé deacair a fheiceáil agus bhí lúcháir ormsa. Chuaigh mé isteach fríd a' bhearnaí ansin.

DÓNALL: Deirfinn go raibh do sháith lúcháir ort.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí, agus nuair a chuaigh mé isteach fríd an bhearnaí ag déanamh suas ar a' *phier*, chím an dá bhoc a chuir mé amach ag déanamh aníos ag tarraingt ar a' *phier*. Bhí siad thíos i dteach an ósta.

DÓNALL: (gáire) D'ól siad a sáith.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí siad leathólta ach *fairplay* tháinig sé fhéin chun tosaigh ansin agus thug mé an rópa dó. Thug sé an t-airgead domh agus thug sé dinnéar maith dúinn ansin thíos in óstán *Moville*.

DÓNALL: Bhí sé féaráilte go leor.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí, bhí sé ionraice go leor ach sin mar a chuaigh an iascaireacht.

DÓNALL: Sin deireadh le do chuid iascaireachta (gáire)...

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel sin deireadh leis an iascaireacht.

DÓNALL: Inis domh anois a Dhonnchaidh, bhí tú ag caint fá, ba ghách leat oibriú ar na céanna, inis tú fán chineál oibre a bhí á dhéanamh. Bhí tú istigh i nGabhla dúirt tú agus cúpla cé eile fosta.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí mé istigh i nGabhla agus bhí mé istigh ansin thíos ag an reilig i Machaire Gathláin, bhí muid ag obair ar sin. Ba an gaffer '_____' Jim Boyd, beidh aithne agat air.

DÓNALL: Ó tá aithne agam air.

DONNCHADH CHASSIE: agus bhí mé thíos i *Malin Head* tamall, bhuel *start* a bhí ansin ag glanadh píopaí, sin a' *weather station*, sin an ceann a ba mheasa, ní raibh Gabhla domhain ná a dhath. Ba ghnách liom rud beag *skin diváil* a dhéanamh ach ní raibh an *gear* ceart agam, ní raibh agam ach seanchulaith tá fhios agat. Ghlacfa culaith iontach mhaith, dá mbeifeá ag obair thíos. Bhí sé ceart go leor aníos is síos traidhfil bomaití.

DÓNALL: 'Sé, ní bheadh cáil ar sin.

DONNCHADH CHASSIE: Ní bheadh cáil ar sin.

DÓNALL: Nuair a bheifeá thíos tamall.

DONNCHADH CHASSIE: Nuair a bheifeá thíos tamall, ag obair fríd na '_____' sin, tá fhios agat *steel fixáil*. Chaithfeá sin a chasadh thart le '_____' caol.

DÓNALL: *So* chaithfeá thusa a ghabháil síos agus fanacht thíos.

DONNCHADH CHASSIE: Chaithfinn a ghabháil síos agus bhí *clips* ansin ar na *pans*, bhí *pans* orthu. Chaithfeadh na *pans*, na *clips*, iad a cheangail suas le chéile, sula rachadh an *concrete* síos le é a choinneáil. Ba sin mar a bhí siad ag cur *shutters* suas fá choinne an *concrete* agus ansin nuair a bheadh sin siteáilte an *concrete* arais, chaithfeá an *section* sin a roinnt óna, na boltaí a bhaint dí arais agus í a scaoileadh agus í a chur aníos.

DÓNALL: *So* seo anois nuair a bhí sibh istigh i nGabhla a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh sin i nGabhla, ba i Machaire Gathláin a bhí sin againn, bhuel bhí giota beag dó tá mé ag déanamh, ach 'sé an *system* a bhí i nGabhla againn. Bhí an rud beag garbh, dá dtiocfadh lá garbh, ní thiocfadh leat *pans* a fhágáil síos, nó bhí siad ró-éadrom, bheirfí ar shiúil iad. '____+' amach go ndéanfadh siad *blocks* mhóra *concrete*, dhá thóna. Tá fhios agat.

DÓNALL: Tá fhios agam.

DONNCHADH CHASSIE: '____+'

DÓNALL: 'sé, tá fhios agam, chonaic mé iad ar chéanna.

DONNCHADH CHASSIE: ar chéanna agus go gcuirfí síos ceann i ndiaidh an cheann eile.

DÓNALL: Ghlacfá *crane* a bheith agat agus.

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel sin an áit a raibh an fhadhb againn ach fuair siad tharais sin, damnú go bhfuair siad *crane* ach an cineál *crane* a fuair siad, seancheann mór '____' *the board of works* adhmaid a bhí ann. '____' millteanach hadhmhaid agus bhí sé go míshásta le hoibriú leis agus mar a deir siad ní raibh an sliú ceart ann.

DÓNALL: Ní raibh.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh, ach rinne muid an obair leis ar scor ar bith.. Bhuel, bhí an obair ormsa ansin, ní thiocfadh leat an broc a chaitheamh síos muna mbeadh `____+' thíos faoi, chaithfeadh sé a bheith cothrom mar a bheadh déanamh tigh ann, *foundation* a bheith ann.

DÓNALL: agus seo an áit a dtiocfá thusa isteach

DONNCHADH CHASSIE: `sé, chuirfeadh siad an *concrete* isteach i málaí, málaí *plastic*, b'fhéidir leathchéad meáchan an ceann, agus bheirfá thusa síos sin agus chuirfeá i gceann, *bhuildeálfá* thíos iad mar a bheadh *blocks* ann go ndéanfá leaba chothrom den *block* agus nuair a bheadh an leaba sin déanta agat, gheobhfá anuas an *block* agus d'fhágfá ina shuí cothrom é. Ní thiocfadh leis a bheith ar thaobh nó ar thaobh eile agus sin mar a d'obair siad aníos a', taobh a' *phier*.

DÓNALL: agus chaithfeá thusa ghabháil síos faoin uisce ansin.

DONNCHADH CHASSIE: Ó chaithfeadh. Ó buidéal orm.

DÓNALL: Cá fhad síos a rachfá?

DONNCHADH CHASSIE: Ó amannaí dhá throigh dhéag ach b'éigean domh gabháil síos i *Malin Head* deich dtroigh is fiche agus `____+' gear agam, chaithfeá *decompressáil*. [téip stopaithe]

DÓNALL: Ar shiúil arís, bhí tú á rá fá thíos i *Malin* chaithfeá a ghabháil síos iontach domhain.

DONNCHADH CHASSIE: Chaithfinn a ghabháil ansin agus bhí sruth fianta i *Malin*, agus le ceart, ba cheart do rópa, bhuel chuir mé ceann orm insan deireadh, a dtugann siad *guide rope* air. Rachfá síos leis an rópa, bhuel bhí greim ar a' rópa i

gcónaí. Le ceart níor cheart do *diver* ar bith a bheith amuigh leis fhéin, ba cheart do bheirt a bheith ann i gcónaí fá choinne an chuidiú ach ní raibh siad chomh tuigseach sin san am sin. Shíl siad nach raibh a dhath ann ach fear a chaitheamh síos buidéal(gáire)...

DÓNALL: Cead aige

DONNCHADH CHASSIE: Cead aige. Bhuel `sé an obair a bhí amuigh ansin sa *weather station* sa `____', *registraloidh* an *machine* seo an lánmara, caide an airde atá sé ach an lánmara a thioctas isteach. Bhuel tobán mór atá thuas a bhfuil an lánmara ag teacht aníos ann. Bhuel, tá píopaí caola ag gabháil síos ansin. Go bé sin, ní bheadh an `____' ábalta *regristáil* ná bheadh na tonnaí ag *slapail* anuas is suas troigh nó beirt. Bhuel na píopaí caola thíos ag gabháil amach i mbun na farraige, ba ghnách leofa tachtadh suas anois is arais agus ní thioctadh uisce ar bith isteach le *registráil* mar is ceart, agus chaithí a ghabháil is iad sin a réitiú.

DÓNALL: Agus sin an jab a bhí agatsa.

DONNCHADH CHASSIE: Ba é.

DÓNALL: Agus cá fhad is a d'fhanfá thíos ag am a Dhonnchaidh?

DONNCHADH CHASSIE: Arú ní fhanfainnse thíos mórán le, leathuair an chuid a ba mhó, leathuair. Ní bheadh mórán *decompression* agat leis an deich troigh is fiche. Ní hionann é is dá mbeifeá tharais sin. Thar a bheith dá rachfá tharais sin chaithfeá leathuair a chaitheamh ag `____' a theacht aníos do shuí ansin *decompressáil* leathbhealaigh aníos ach ní raibh a dhath de sin agam. Ní raibh mé chomh domhain sin ariamh. Ní raibh mise thara na *30 feet* am ar bith, ach ag sin fhéin, liom fhéin leis an iocht a bhí ann, ní raibh an culaith ceart orm, bhí na cluasa ag tabhairt troblóid.

DÓNALL: Mhothófá ar na cluasa an chéad uair.

DONNCHADH CHASSIE: Mhóthaigh, leis an `_____+', ní raibh siad ag foscladh mar is ceart.

DÓNALL: Ní raibh.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh, is cuma caide a *bhlowálfá* fríd do ghaosán, ní raibh tú ábalta iad a fháil foscailte. Ní raibh.

DÓNALL: Agus cén bhliain anois, bhí caint air, bhí tú istigh air, ag obair ar ché Ghabhla a Dhonnchaidh?... seascaidí?

DONNCHADH CHASSIE: Seasca dó nó seasca trí nó ceathair. Ó b'fhéidir go bhfuil sé níos mó, seasca ceathair. Tá mé ag déanamh go raibh sé seasca ceathair nuair a rinne muid a' *pier* i nGabhla.

DÓNALL: Caithfidh sé go raibh droch-ché amach is amach inti, i nGabhla am amháin.

DONNCHADH CHASSIE: A bhí, bhí sé garbh, garbh cloicheach, clocha go díreach a bhí ann, `sé, bhí corr *step* ann a rachadh siad suas iad fhéin. Chaith muidinne cuid mhór am ann agus rinne muid cuid mhór oibre ann.

DÓNALL: D'fhanfadh sibh istigh. Bheadh sibh istigh tamall...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí mise ar lóistín istigh ansin trí nó ceathair de mhionnaí. Bhí mé ag stopadh le Aodh Mac Suibhne, Sweeney.

DÓNALL: `sé tá fhios agam é.

DONNCHADH CHASSIE: Tá fhios agat é.

DÓNALL: Bhuel tá sé ar shiúil.

DONNCHADH CHASSIE: Tá an créatúr ar shiúil. Tá mhac ansin ar fad.

DÓNALL: Tá, ó tá aithne agam ar a chuid mic.

DONNCHADH CHASSIE: Ó beidh, ó bhí saol breá istigh ansin. Teach chomh breá is a thiocthadh leat a bheith ann am ar bith.

DÓNALL: Bheadh craic ar dóigh...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí craic ar dóigh ann. Bhí

DÓNALL: Bheadh na damhsaithe ag gabháil a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí achan rud ag gabháil acu, bhí agus bhí bia breá folláin ann, tréan éisc agus cócairí iontach maith ann, bhí.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí saol breá i nGabhla an t-am sin, bhí. Bhain mé fhéin sult mór as.

DÓNALL: Bheadh aithne agat ar na maistrí a bhí istigh fosta, bhí Patrick Shéimí istigh, bíodh geall go raibh aithne agat air, an raibh?

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, bhí, aithne shúil ach ní raibh mé mórán ina chuideachta. Bhí cuid mhór acu de na maistrí. Bheadh muid thíos ag Tadhg, bhí an *post office* aige ag imirt cártaí.

DÓNALL: Tadhg `_____+`.

DONNCHADH CHASSIE: `sé. Teach áirneáil a bhí ann cineál agus d'ímreodh muid cártaí thíos ansin, cúig fichid ach ag imirt a dhath ar bith a bhí thart, ag gabháil, ní raibh *gambláil* ar bith eile ann.

DÓNALL: Ní raibh *but* bheadh na damhsaithe ansin ann ag deireadh na seachtaine nach mbeadh.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh mórán damh, thiocfadh muidinne amach tá mé ag déanamh ag deireadh na seachtaine.

DÓNALL: An dtiocfadh?

DONNCHADH CHASSIE: Thiocfadh, thiocfadh.

DÓNALL: Ar ghnách libhse dul ag damhsaithe i nGaoth Dobhair ansin.

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí mise ag gabháil le bean thoir i mBun a' Leaca, chaithfeas muid a theach (gáire).

DÓNALL: Chaithfeá a bheith i n Gaoth Dobhair (gáire).

DONNCHADH CHASSIE: Ó chaithfeadh, chaithfeadh. Tá mé ag déanamh gur na cúig lá a bhí muid ag déanamh istigh. Bhí Gallachóir '_____' thuas as a' Chlochán Liath, tá teach thíos ansin aige ar a' Chlochán Liath, bhí craic mhillteanach fosta aige. Ba ghnách le Boyd, níor stop sé, thiocfadh sé fhéin amach, bhí bád beag leis, Jim.

DÓNALL: Jim Boyd.

DONNCHADH CHASSIE: Á, ach d'fhanfadh an Gallachóir, bhí Gallachóir is mise istigh ag Sweeney, bhí.

DÓNALL: Ar shiúil túsa ariamh as seo chuig damhsa i nGaoth Dobhair a Dhonnchaidh, anonn ansin a...

DONNCHADH CHASSIE: A níor shiú, bhuel shiúil mé nuair a bhí mé i mo ghasúr cinnte, thart a' rampar a bheireas muid air. Sin an fhearsaid cinnte.

DÓNALL: Sin an fhearsaid

DONNCHADH CHASSIE: Ó shiúil chuig fáirithe agus chuig damhsaithe.

DÓNALL: Mar a deirfeadh siad *as the crow flies*, tá sé gairid go leor trasna...

DONNCHADH CHASSIE: Iontach gairid. Bhí na haicearraí uilig againn. Rachadh muid soir ansin a' bealach sin. Soir teach Bhriainí Hiuidí soir Doire na Mainséar agus síos ansin go bhfaighfeadh muid trasna ar an fhearsaid. Bhí bealach ansin ag gabháil suas ar thaobh Ghaoth Dobhair. Bhí fear ansin, seandúine, bhí eagla orainn roimhe (gáire).

DÓNALL: Raibh sé confach?

DONNCHADH CHASSIE: Ó caithfidh sé go raibh siad ag déanamh blaigneardacht air nó rud ínteacht agus ansin duine, strainséir ar bith a bhfeicfeadh sé, ligfeadh sé é fhéin amach air. Bhí muid i gcónaí a chóiméad ar scor ar bith.

DÓNALL: Chuirfeadh sé an madadh ionaibh (gáire).

DONNCHADH CHASSIE: Chuirfeadh, chuirfeadh sé an madadh ionainn cinnte (gáire), agus tá mise ag gabháil *back* anois, ó thara trí scór go leith bliain.

DÓNALL: Ó tá.

DONNCHADH CHASSIE: Tá

DÓNALL: *but* níor shíl sibh a dhath de a bheith ar shiúil libh...

DONNCHADH CHASSIE: Ó, níor shíl muid a dhath dó. Níor shíl, agus leath an ama, fliuch, cosa fliucha ach níor chuir sé isteach nó amach orainn.

DÓNALL: Ní dhearn sé a dhath ort.

DONNCHADH CHASSIE: Dhath ar bith.

DÓNALL: An raibh tú anseo ama a' chogaidh a Dhonnchaidh nó raibh tú thall in Alban, bhí tú thall in Alban cuid mhaith dó deirfinn.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí mé thall in Alban i rith am a' chogaidh. Bhí an cogadh thart nuair a phill mé agus ní raibh an cogadh *on* nuair a d'ímigh mé. Bhí mé cúpla mí thall nuair a thosaigh an cogadh.

DÓNALL: Caithfidh sé go raibh ganntanas millteanach fán bhaile anseo fosta...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí, bhí ganntanas millteanach fán bhaile.

DÓNALL: Daoine ar shiúil ó shiopa go siopa ag iarraidh a bheith...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí siopa beag thuas ansin againne. Seo stair anois, m'athair, bheadh sé á inse domh agus bhí na, mar a deirfeadh sé fhéin na *fags* iontach gan agus bhí Eddie Diver thíos, tá aithne agat fhéin air, ag gabháil láidir.

DÓNALL: Eddie Thomáis Eoghain.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí *bakery* aige.

DÓNALL: Ó comarsanach domh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí siopa aige, comharsanach duit agus bhí muidinne leis an tsiopa ag tabhairt cuid mhór *trade* do Eddie. Bhí muid i gcónaí, bhí sé abhus

cúpla uair sa tseachtain i gcónaí, bhí *van* aige agus ba ghnách a ghabháil síos chuig Eddie Diver agus gheobhadh sé na *smuggled cigarettes* agus bhí sé i gcónaí ábalta tae a fháil agus bhí sé ag déanamh cuid mhór cuidiú mar sin.

DÓNALL: Nach bhfuil fhios go raibh.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí.

DÓNALL: *Jee* bhí sé crua san am...

DONNCHADH CHASSIE: Ó bhí sé crua cinnte nó níl fhios agam do thír nach raibh i gcogadh, cad chuige go raibh sí chomh gan i mbia ná ní raibh sise ag déanamh a dhath le cogaithe. Caithfidh sé nach bádaí ar bith aici ábalta a dhath a thabhairt isteach.

DÓNALL: *So* bhí siopa agaibhse sibh fhéin nuair a bhí túsa ag...

DONNCHADH CHASSIE: Bhí. Bhí siopa againn cinnte. Bhí sin ina chuidiú bheag, bhí rud ínteacht i gcónaí fán teach le hithe, bhí. Ó bhí na siopaí beaga sásta an t-am sin, bhí.

DÓNALL: D'ímigh na siopa beaga a Dhonnchaidh, bhfuil fhios agat.

DONNCHADH CHASSIE: Ó d'ímigh siad cinnte. Níl an *trade* ann anois, níl na daoine ann. Is cuimhne liomsa nuair a bhí mise i mo ghasúr bheag bhídeach, bhí sé nó seacht de chloigeann in achan teach agus ní raibh siad ag gabháil amach as baile fá choinne a gcuid earraí. Chaithfeadh siad a' '_____' a fháil sa tsiopa beag, agus thiocfadh siad isteach an bealach mór agus bascead uibheacha leofa agus *jar* beag leofa fá choinne an ola a bheith leo fá choinne lamp...

DÓNALL: ag gabháil na bhaile, sé.

DONNCHADH CHASSIE: Ag gabháil na bhaile daofa agus bhí an t-arán derifinn ní b'fhearr an t-am sin. Damnú go dtiocfadh leat *loaf* a fháil an t-am sin agus giota beag ime agus bhí sé chomh maith le dinnéar.

DÓNALL: Bhí sé.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí, bhí sé chomh maith le dinnéar. Níl mórán brí san arán ag gabháil inniu.

DÓNALL: Á níl, bhí sé níos fearr nuair a bhí sé ag déanamh, na mná ag déanamh a gcuid...

DONNCHADH CHASSIE: `Sé, ó cinnte, ag déanamh a, bhuel dhéanfadh siad cuid mhór de sin cinnte. Bhuel ansin bhí iasc goirt ag gabháil, bhí a gcuid `_____´ fhéin acu, bhí a gcuid uibheacha, bhí a gcuid préataí acu.

DÓNALL: Ní raibh siad a choíche ocrach.

DONNCHADH CHASSIE: Ó ní raibh, bhí tréan cáil acu. Bhí bó in achan teach. Sin an chéad rud a chaithfeadh an teach a fháil nuair a rachadh siad á chónaí ann, bó.

DÓNALL: Tá sin fíor.

DONNCHADH CHASSIE: agus nuair a rachadh an bhó tirim ansin, chuideodh na comharsanaigh le chéile, go dtiocfadh sí chun bainne arais.

DÓNALL: Tá sin fíor. D'imigh an charthanacht a Dhonnchaidh.

DONNCHADH CHASSIE: Ó d'imigh an charthanas cinnte.

DÓNALL: D'athraigh an saol.

DONNCHADH CHASSIE: D'athraigh an saol. Ní a dhath de sin ag gabháil anois.

DÓNALL: do bharúil a Dhonnchaidh is muid, anois sula gcríochnóidh mé, do bharúil fán teanga Ghaeilge a Dhonnchaidh, bhfuil sí ag cailleadh ar fad, bhfuil sí ag meath léi nó an bhfuil sí ag dul a bheith beo. Caide do bharúil fá sin.

DONNCHADH CHASSIE: Á, tá eagla orm go bhfuil a' meath ann is gur doiligh leigheas. Tá an Ghaeilge cinnte agus tréan dí sa tír agus tá sí acu uilig ag cuid mhór ach níl siad ag déanamh cleachtadh ar bith díthe. Anois nuair a rachaidh mise amach as a' bhaile seo, caithfidh mé an teanga bhéarla a chur, '_____' i mbéarla orm.

DÓNALL: Tá sin fíor.

DONNCHADH CHASSIE: Go hAngaire féin.

DÓNALL: Ní raibh sin ann nuair a bhí túsa óg.

DONNCHADH CHASSIE: Ó ní raibh sin ann ar chóir ar bith nuair a bhí mise óg.

DÓNALL: Gaeilge uilig.

DONNCHADH CHASSIE: Bhí Gaeilge in achan áit. *Even* an scairt, mhothófa an ceol agus an glór i nGaeilge a bhí sé, oíche agus lá.

DÓNALL: Ní raibh fhios agaibh a dhath eile.

DONNCHADH CHASSIE: Ní raibh fhios againn a dhath eile. Bhuel siúil amach san oíche agus mothóidh tú an t-aos óg is a' Bhéarla. Ní raibh sin ann i m'amsa ar chóir ar bith. Ní raibh. Gaeilge uilig a bhí ann. Gaeilge uilig.

DÓNALL: Bhuel a Dhonnchaidh tá trí ceathrú uaire is b'fhéidir níos mó déanta againn *so* b'fhéidir go bhfhágfainn inniu é.

DONNCHADH CHASSIE: Bhuel, bhuel do thoil fhéin a mhic.

DÓNALL: Thig liom pilleadh lá eile.

DONNCHADH CHASSIE: Á thiocfadh, thiocfadh.

DÓNALL: Go raibh maith agat.

DONNCHADH CHASSIE: Tá '_____' maith fána choinne ar scor ar bith. Tá súil agam go bhfuil sé go maith duit.

DÓNALL: Rinne tú go maith, go raibh maith agat.